Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7102/19**

**TRANS 160**
**FIN 198**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6485/19 TRANS 115 FIN 149 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 30/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU passenger rights are comprehensive but passengers still need to fight for them* [Tá cearta paisinéirí an Aontais cuimsitheach, ach is gá do phaisinéirí troid ar a son i gcónaí]<br>– Conclúidí ón gComhairle (4 Márta 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 30/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU passenger rights are comprehensive but passengers still need to fight for them* [Tá cearta paisinéirí an Aontais cuimsitheach, ach is gá do phaisinéirí troid ar a son i gcónaí], a ghlac an Chomhairle ag an 3675ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le**
**Tuarascáil Speisialta Uimh. 30/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 30/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cearta paisinéirí.

2. AONTAÍONN SÍ faoina thábhachtaí atá sé leibhéal iomchuí cosanta a bheith ann do phaisinéirí a úsáideann seirbhísí aeir, iarnróid, uisce-iompair agus bus san Aontas agus MEASANN SÍ gur bunchuspóir de bheartais iompair an Aontais é na cearta sin a chosaint.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéantar measúnú sa Tuarascáil Speisialta ar chosaint na gceart paisinéirí i modhanna iompair a bhfuil reachtaíocht glactha ag an Aontas ina leith, eadhon aeriompar, iompar ar iarnród, uisce-iompar agus busiompair, agus saintréithe gach modh iompair á gcur san áireamh.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go suitear sa Tuarascáil Speisialta gur réiteach uathúil domhanda é creat rialála an Aontais.

5. A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil reatha, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go moltar sa Tuarascáil Speisialta gur cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint chun go mbeadh soiléireacht ann, AITHNÍONN SÍ na buntáistí a bhaineann le rialacha soiléire, ach MEABHRAÍONN SÍ nach féidir ach creat deonach a chur ar fáil le treoirlínte agus nach féidir leo réamhbhreith a thabhairt ar reachtaíocht an Aontais ná dul ina háit.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go moltar sa Tuarascáil Speisialta go ngníomhódh an Coimisiún chun feasacht ar chearta paisinéirí a mhéadú, AONTAÍONN SÍ gurb éifeachtúla cur i bhfeidhm na gceart paisinéirí nuair atá na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoina gcuid ceart agus oibleagáidí, agus dá bhrí sin, AITHNÍONN SÍ an gá atá le feachtas eolais a eagrú a thuilleadh i ndáil leis seo.

7. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil dhá thogra reachtacha faoi chaibidlíocht faoi láthair, ceann amháin a bhaineann le cearta paisinéirí aeir[1] agus ceann eile a bhaineann le cearta paisinéirí iarnróid[2].

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann moltaí ar leith ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le roghanna tábhachtacha beartais a bheidh le déanamh sa phlé reachtach sin idir na comhreachtóirí.

9. Dá ndéanfaí seasaimh a fhorbairt maidir leis na moltaí ag an tráth seo, MEASANN SÍ go bhféadfadh na moltaí sin an próiseas reachtach a chur i mbaol trí réamhbhreith a thabhairt air, agus i gcás ar bith, bheadh forluí ann maidir leis an obair atá fós le déanamh.

10. Dá bhrí sin, AITHNÍONN SÍ gur ionchur ábhartha é an obair arna déanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa sa phlé reachtach leanúnach.

---

1 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer, 2013/0072 (COD).

2 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú), 2017/0237 (COD).